



AN TÚDARÁS PÓILÍNEACHTA
POLICING AUTHORITY

ATHBHREITHNIÚ AR 2019

15

CRUINIÚ ÚDARÁIS

25

CRUINIÚ COISTE



ATHSTIÚRADH ÓIGE

Rinneadh grinnscrúdú ar thuarascálacha eatramhacha agus deiridh maidir le Clár Athstíúrtha Óige an Gharda Síochána. Reáchtáladh cruinniú poiblí breise an Údaráis i mí Eanáir chun an t-ábhar seo a phlé. Leanadh le béim a leagan ar thorthaí araíonachta gaolmhara an Gharda Síochána.



AN CÓD EITICE

Cuireadh ceisteanna maidir le líon na ndaoine a raibh an Cód Eitice sínithe acu. Rinneadh monatóireacht ar leabú an Chóid. Pléadh torthaí an Iniúchta Cultúir agus roinn an Coimisinéir a fhís don chultúr in An Garda Síochána.



ATHBHREITHNIÚ DÚNBHÁSAITHE

Leanadh le béim a leagan ar an Athbhreithniú um Imscrúdú ar Dhúnbhásanna. Pléadh é seo ag 6 chruinniú Coiste agus ag 6 chruinniú Údaráis. Fuarthas an tuarascáil deiridh i mí na Samhna agus leanfar leis an maoirseacht ar chur chun feidhme na moltaí.

PLEAN PÓILÍNEACHTA FORLÉARGAS AR FHIANAISÍÚ

Reáchtáladh clár cuimsitheach fianaisithe a rinne athbhreithniú ar an dul chun cinn a rinneadh maidir leis an 103 tionscnamh laistigh den Phean Póilíneachta. Pléadh torthaí an chláir fianaisithe seo le comhaltaí agus baill foirne sinsearacha an Gharda Síochána ag cruinnithe Coiste agus Údaráis.

81

RANPHÁIRTÍOCHT

264

GNÍOMH FIANAISITHE

GEAPACHÁIN SHINSEARACHA AN GHARDA SÍOCHÁNA

1

**STIÚRTHÓIR
FEIDHMIÚCHÁIN**

9

ARD-CHEANFORT

28

CEANFORT

10

PRÍOMHOIFIGEACH



AN TÚDARÁS PÓILÍNEACHTA
POLICING AUTHORITY

ATHBHREITHNIÚ AR 2019

3

**IMEACHT
SPEISIALTA**

11

FOILSEACHÁN

12

**CRUINIÚ LE PÁIRTITHE
LEASMHARA**




PÓILÍNEACHT OIRD PHOIBLÍ

Foilsíodh athbhreithniú ar Phóilíneacht Oird Phoiblí in Éirinn, a rinne an tÚdarás thar ceann Chigireacht an Gharda Síochána. Pléadh na torthaí leis An Garda Síochána ag cruinniú poiblí.



PÓILÍNÍÚ BÓITHRE

Rinneadh monatóireacht agus measúnú ar chur chun feidhme 30 moladh a bhain le Fógraí Muirir Sheasta agus Tástáil Meisce Shainordaitheach. Tugadh dúshlán An Gharda Síochána go rialta maidir le hoiliúint tiománaithe.



STRUCHTÚR AN GHARDA SÍOCHÁNA

Cuireadh obair maidir le hathrú suntasach struchtúrtha i gcrích le An Garda Síochána, lena n-áirítear an tSamhail Oibriúcháin nua, agus athrú ar an lucht oibre. Leagadh béim ar an ngá atá le haird a dhíriú ar bhonn práinneach agus leanúnach ar chumasóirí athraithe — TFC, Airgeadas, AD, agus Cóiríocht.



SPARÁNACHT

Bronnadh dhá sparánacht tionscnaimh arbh fhiú €35,000 iad




TAIGHDE AR ÍOSPARTAIGH

Bronnadh conradh chun tabhairt faoi thaighde ar eispéiris íospartach coireachta

ATHBHREITHNIÚ

Coimisiúnaíodh athbhreithniú ar Scéim um Rabhadh Aosach an Gharda Síochána



- CRUINNITHE AN CHOISTE CHOMHPHÁIRTIGH PÓILÍNEACHTA AR FREASTALÁIÓDH ORTHU
- CRUINNITHE AN CHREATA CUNTASACHTA FEIDHMÍOCHTA AR FREASTALÁIÓDH ORTHU

EOLAS EAGRAÍOCHTA

SEOLADH SUÍOMH
GRÉASÁIN NUA
I MÁRTA



33
FOSTAÍ

€2.7m
CAITEACHAS TUARHTHA

TOSAÍOCHTAÍ CORPARÁIDEACHA

